

# Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

---

**AIGHNEACTH**

**CHUIG**

**Coiste Idirrannach Tras Rialtais  
Polasaí uilechuimsitheach do na hOileáin**

Feabhra 2020

## **Réamhfhocal**

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste Idirrannach Tras Rialtais chun riachtanais na n-oileán a mheas maidir le polasaí uilechuimsitheach do na hoileáin a fhorbairt.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis ionchur a bheith acu san anailís seo mar a bhaineann leis na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

## **Ról Gaeloideachas**

Bunaíodh Gaeloideachas (Gaelscoileanna Teo.) sa bhliain 1973 mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Tá Gaeloideachas ag feidhmiú ó lúil 2014 sa mhór-réimse ***Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge***, a chuimsíonn tacaíocht do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht (**5 iarbhunscoil agus 10 mbunscoil ar na hoileáin san áireamh**), naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá riachtanais scoileanna na n-oileán rianaithe cheana ag Gaeloideachas do Chomhchoistí Oireachtais. I Meitheamh 2017, chuir Gaeloideachas aighneacht ar aghaidh chuig an gComhchoiste Um Oideachais & Scileanna agus rinne an eagraíocht cur i láthair do Chomhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta & na nOileán

D'fhoilsigh na Comhchoistí seo tuarascálacha agus tá Gaeloideachas ag iarraidh go bhfeidhmeofaí láithreach chun na heasnaimh a haithníodh sna tuarascálacha sin maidir le réimse an Oideachais a réiteach.

### **Seo leanas na gníomhaíochtaí ar mhaith le Gaeloideachas go ndíreodh an Coiste Idirannach orthu agus iad ag leagan amach Polasaí Uilechuimsitheach do na hOileáin**

- Go mbeadh Oideachas ar cheann de na saincheisteanna sa 9 réimse comhairliúcháin ag RCOG.
- Stádas DEIS a bhronnadh ar gach scoil ar na n hoileáin.
- Líon áiteanna faoi Chlár Cónaitheachtaí Scoileanna Iar-Bhunoideachais Oileáin RCOG a dhúbailt ó 30 go 60.
- Deontas caipitíochta ar chomhchéim le scoileanna lánGhaeilge a bhronnadh ar scoileanna Gaeltachta, scoileanna na nOileán san áireamh.
- An liúntas do mhúinteoirí ar oileán a thabhairt ar ais.
- Scéim thaistil do mhúinteoirí scoileanna oileán a thabhairt isteach.
- Chun an réimse soláthar ábhar a mhéadú sna hiar-bhunscoileanna, an soláthar ríomh-mhoil a leathnú chun go mbeidh sé mar ghnáth sholáthar bliantúil do scoileanna ar oileáin.
- Tacaíocht/dreasacht tithíochta/cíosa/faoiseamh cánach a chur ar fáil do mhúinteoirí ar spéis leo cur fúthu go fadtréimhseach ar oileáin.
- Socruithe oiriúnacha taistil & lóistín a chur i bhfeidhm le go mbeidh sé níos tarraingtí do mhúinteoirí ionadaíocha agus tacaíochta fostaíochta a fháil ar na hoileáin.

### **Conclúid**

Tá sé ríshoiléir go bhfuil an-chuid dúshlán ag na scoileanna ar na hoileáin, dúshlán chomórta idir an bhunleibhéal agus an iarbhunleibhéal agus cinn ar leith a bhaineann leis na leibhéil faoi seach.

Tá sé rí-shoiléir go gcruthaíonn an suíomh oileán dua breise, agus gur gá iniúchadh a dhéanamh ar conas an saibhreas agus an tábacht a bhaineann leis na scoileanna oileáin a chaomhnú agus a fhorbairt trí sholáthar múinteoirí; foireann tacaíochta; buiséad; scoláireachtaí agus liúntais.

Moltar iniúchadh a dhéanamh ar liúntas cuí do mhúinteoirí oileán, a chuirfeadh leis an mealladh dóibh cónaí agus obair ar oileán iarghúlta.

Moltar iniúchadh a dhéanamh ar an gcur chuige DEIS lena chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht i gceist leis agus go mbronntar go huathoibríoch ar scoileanna oileán é mar aitheantas ar na míbhuntáistí iomadúla a bhaineann lena suíomh.

Muna mairfidh na scoileanna ar na hoileáin, ní mhairfidh na hoileáin.

*Gabhann Gaeloideachas buíochas as an deis a bheith againn ionchur a bheith againn I gceist atá fíor-thábhachtach agus criticiúil. D'fháilteoimis roimh an deis teacht os chomhair an Choiste Idirannach leis an bplé ar na ceisteanna seo a leathnú.*

Feabhra 2020